Gaelscoil Dhroichead na Banndan
Cloch Mhic Shíomoin, Droichead na Banndan, Co Chorcaí
Guthán 023 88 43378 | gaelnabanndan@eircom.net | www.gsbanndan.ie
Uimhir Rolla 20025E

14ú Deireadh Fómhair 2019

Cúrsaí Airgid

Meabhrúchán beag faoi Chúrsaí Airgid. Tá géarghá leis an airgead seo chun gníomhaíochtaí seach churaclaim a chur ar bun. Le do thoil, tabhair an t-airgead don mhúinteoir ranga roimh an 24ú lá de mhí Dheireadh Fómhair.

A gentle reminder about the Cursaí Airgid financial contribution. As you are aware we require these funds to continue with the extra-curricular activities which take place in the school. Payment can be given to the class teacher on/or before 24th October.

Brat Glas Nuacht/Green Flag News

.

Táimid go léir ag obair go dian i mbliana ar ár dtríú Brat Glas. Is é sin an brat glas le haghaidh Uisce. Leanfaimid orainn ag obair go díograiseach ag laghdú bruscair is ag athchúrsáil sa scoil chomh maith le bheith ag caomhnú fuinnimh.

Beidh Rang a 6 ag dul go dtí an saotharlann cóireála uisce Acorn Water Treatment an tseachtain seo chugainn agus is Rang a 3 agus a 4 a bheidh ag dul go dtí Damba Inis Cara níos déanaí sa bhliain. Mana an coiste is ea 'Bí Cliste, Sábháil Uisce!'

The Green Flag Committee is busily working on this year's theme of Uisce. Sixth class will visit the water treatment laboratory at Acorn Water Treatment Wednesday, October 16th from 10:15 – 12:00noon. The cost of this trip is €2 per child.

Third and fourth class will visit *Inniscarra Hydro Electric Power Station* later on in the school year to learn about how water can be used to generate electricity.

Slán le Múinteoir Siobhán

Is le croí trom go bhfógraímid go mbeidh ball lárnach dár bhfoireann, Múinteoir Shiobhán, ag éirí as a post anseo linn i ndiaidh bhriseadh na Samhna. Is múinteoir den scoth í Siobhán a chuaigh i gcion go mór ar pháistí, ar thuismitheoirí agus ar fhoireann na scoile le linn a tréimhse linne. Braithfimid go léir go mór uainn í agus guímid gach uile rath uirthi amach anseo. Is é Múinteoir Ghearóid a bheidh ag feidhmiú mar ionadaí suas go dtí briseadh na Nollag go dtí go líonfar an follúntas.

It is with a heavy heart that we must say farewell to an integral member of our school staff. Múinteoir Shiobhán Rang a 5, will be leaving our school after the Hallowe'en mid-term break. Siobhán is a valued and esteemed member of our staff. She has given years of service to our school and has shared her many wonderful gifts and talents with all of us. Go néirí go geal léi amach anseo! Múinteoir Ghearóid will be our fifth class teacher up to the Christmas break.

Cruinnithe na dTuismitheoirí Rang a 5

De bharr go mbeidh Múinteoir Shiobhán ag imeacht uainn i ndiaidh an bhrisidh tá sé beartaithe againn go mbeidh cruinnithe na dtuismitheoirí Rang a 5 againn níos luaithe mar is gnách, ar an Luan, an 21ú lá agus ar an Máirt, an 22ú lá de mhí Dheireadh Fómhair. Beidh Múinteoir Shiobhán i dteagmháil libh an tseachtain seo le hamannta na gcruinnithe a eagrú. Míle buíochas.

Múinteoir Shiobhán will hold her parent teacher meetings for 5th class on next Monday, the 21st and on Tuesday, the 22nd of October. Times will be allocated later on this week.

Sciath na Scol

D'éirigh go hiontach le foireann na mbuachaillí is na cailíní sna réamhbhabhtaí de chomórtas peile Sciath na Scol. Beidh siad ag imirt sa chluiche leathcheannais i gcoinne Firmount National School an Ceadaoin 16ú Deireadh Fómhair. Guímid gach rath orthu.

We are thrilled to announce our Sciath na Scol team has reached the semi-finals of the Sciath na Scol Competition. Our team will play Firmount National School on this coming Wednesday, 16th October 2019. The cost for the bus is €10 per child and can be given to the class teacher on/before Tuesday. Best of Luck to all involved!

Seachtain na Folláine/Wellbeing Week

Tá réimse mór imeachtaí ar siúl an tseachtain seo i gcomhair Sheachtain na Folláine. Ina measc sin, tá gníomhaíochtaí 10 @ a 10 sa seomra ranga agus tá zóin nua spóirt chomh maith le cluichí gníomhaíochta i gcomhair na bunranganna amuigh sa chlós.

In order to do our part in promoting positive mental health and well-being ,we have decided to take part in the Amber Flag initiative. This involves the whole school community coming together in order to create a safe, positive, and healthy attitude towards our general physical and mental health and well-being. As part of Well-being Week, all classes took part in various health promoting activities such as basketball, soccer and handball in our new sports zones in the playground as well as 10 @ 10 activities in the classroom. Monies raised from our Cóisir Oíche Shamhna / Halloween Dress Up Party will go to Pieta House Cork.

Vex Robotics

Tá tús curtha ag Múinteoir Mhaitiú le Club Vex Robotics i gcomhair leanaí ó Rang a 4, 5 agus 6. Is é seo ár gcéad bhliain á dhéanamh agus tá sceitimíní orainn go léir go mbeimid ag glacadh páirte sa chlár Robó VEX i gcomhair le hInstitiúid Teicneolaíochta Chorcaí.

Pupils from 4th, 5th and 6th class have begun working on our new Vex Robotics school robot under the guidance of Múinteoir Mhaitiú. Through the use of robotic solutions, the programme provides the pupils with the tools required to solve practical everyday problems. The club will compete with their robot in the VEX IQ challenge in CIT in January 2020.

Club Leadóig Bhoird

Tá an Club Leadóig Bhoird faoi stiúr Múinteoir Con thar nais i mbun traenála gach Máirt. Beidh foirne á gcur le chéile i ndiaidh bhriseadh na Samhna le cur go Comórtas na mBunscoileanna i gCionn tSáile.

The Table Tennis Club are back in training with Múinteoir Con every Tuesday after school. Teams will be being picked after the Mid-Term Break to take part in the ITTA Primary Schools Competition in Kinsale.

Cóisir Oíche Shamhna

I mbliana tá Cóisir Oíche Shamhna á éagrú ag Coiste na dTuismitheoirí sa scoil. Beidh seans ag na leanaí páirt a ghlacadh i gcluichí Oíche Shamhna. Ar ndóigh, beidh cead ag na leanaí teacht isteach gléasta suas ar an lá, an Aoine, an 25/10/19. Cuirfear béim arís ar fheistisí lámh dhéanta, déanta as ábhair athchursáilte agus tabharfar duaiseanna amach le haghaidh an iarracht is fearr i ngach seomra. I dteannta leis sin beidh taispeántas beag sa halla an mhaidin sin.

We normally dress up on the last day of term to mark Hallowe'en. To tie in with the theme of our first Amber Flag we would like if children could try to incorporate amber into their costumes if possible. Each class will be given an opportunity to showcase their costumes in the school hall during the school day. **Parents should not feel pressurised to buy costumes** for this event. Prizes will be awarded on the day. We would ask that pupils give €1 or €2 each and money collected on the day will go directly to Pieta House Cork as part of the Amber Flag Initiative.

Seachtain na Matamaitice/Maths Week

Tá Seachtain na Matamaitice ar siúl ón 14/10/2019 go dtí an 18/10/2019. I measc na n-imeachtaí atá beartaithe againn beidh an Matamaiticeoir Pat Hanrahan ag bualadh isteach le ceardlanna Matamaitice a dhéanamh ar scileanna fadhbréitigh leis na hardranganna ar IZAK 9. Anuas air sin, tá trialacha Mata

mórthimpeall na scoile deartha i gcomhair na ranganna eile. Beidh gníomhaíochtaí matamaitice ar siúl ag Rang a 6 i ranganna na naíonán.

Maths Week will take place in the school from 14th October-18th October 2019. Maths trails and maths activities will be organised for all classes. Pat Hanrahan will conduct maths workshops based on the IZAK 9 problem solving programme with 5th and 6th class.

Steam Education: Engineering in a Box

Is clár nua innealtóireachta é 'Engineering in a Box' ina dtugtar scileanna innealtóireachta do leanaí bunscoile trí fhadhbanna praiticiúla a réiteach. Tabharfar blaiseadh de gach saghas innealtóireachta le linn na deich seachtaine do na ranganna. Míle buíochas le Jacobs Engineering Cork atá i ndiaidh urraíocht a chur ar fáil dúinn i gcomhpháirt le Ollscoil na hÉireann, Corcaigh.

'Engineering in a Box' is a new initiative whereby engineering skills are taught to primary school pupils with help from STEAM Education Ltd., engineering companies and University College Cork. To take part in the scheme, schools must obtain sponsorship from a company. Jacobs Engineering Cork have kindly agreed to sponsor Gaelscoil Dhroichead na Banndan. For ten weeks two engineers from Jacobs Engineering will endeavour to give pupils of both fourth and fifth class an introduction to the skills of engineering.

Turas go dtí an Leabharlann Áitiúil / Bandon Library

Beidh Rang 4 ag dul ar cuairt chuig leabharlann Dhroichead na Banndan ar an Máirt, 15/10/2019. Tá an scoil ag glacadh páirte san MS Readathon faoi láthair is beidh ceardlann léitheoireahcta ar siúl acu ann. Beidh na páistí ag siúl chuig an leabharlann ar an lá má scaoileann an aimsir linn.

Rang 4 will visit Bandon Library on Tuesday, 15th October at 11:30am where they will engage in a reading workshop as part of the schools involvement in the MS Readathon. **Children will walk to the Library (weather permitting) and will return to the school before 1:00pm.**

Folens Christmas Annuals

Táimid fós ag glacadh le hordaithe do Bhliainiris na Nollag. Beidh praghas 4 euro ar gach páiste. Is féidir an t-airgead a thabhairt don mhúinteoir roimh an 22ú lá de mhí na Samhna. Tabharfar amach na hiris leabhair i mí na Nollag.

Orders are being taken for this year's Folens Christmas Annual. The price of the annual is €4 per child. Money can be given to the class teacher **before** Friday, 22nd November. Annuals will be given out early December.

Coiste na dTuismitheoirí / Parents Association

Bhí slua breá mór ag cruinniú chinn bliana Choiste na dTuismitheoirí an tseachtain seo caite. Is iad seo a leanas na himeachtaí atá beartaithe acu tabhairt futhu idir seo agus briseadh na Nollag:

- *Cóisir Oíche Shamhna a eagrú ar an Aoine, an 25ú lá de Dheireadh Fómhair*
- *Pacáil Málaí thíos i Super Valu ar an Aoine, an 8ú la agus ar an Satharn an 9ú lá de mhí na Samhna*
- *Beidh a thuilleadh eolais mar gheall ar na himeachtaí eile le fáil sa chéad eagrán eile den nuachtlitir.*

There was a great turnout at the Parents' Association AGM recently. The PA will be focusing in on the following events between now and the Christmas holidays:

- The PA are organising the Halloween Party Games Event in the school next week.
- The PA have agreed to fundraise €1,000 in support of the upgrade to the playground.
- The PA have a "Bag Packing" event in SuperValu, on Fri. 8th and Sat. 9th November. We will be looking for volunteers to help pack bags – exact details to follow more closer to the time.
- We will share more information on the many other activities we are planning in the next newsletter.

Míle buíochas ó Choiste na dTuistí.

Míolta Gruaige / Headlice

Faraor, tá míolta gruaige fairsing go leor i ngach scoil, go háirithe ag an am seo den bhliain. Tá curtha in iúl go bhfuil cás sa scoil agus bheimis buíoch go ndéanfaidh sibh scrudú ar ghruaig do chuid páiste INNIU. Iarraimid oraibh seiceáil go minic agus oifig na scoile a chur ar an eolas más gá.

Unfortunately Headlice are a fact of life in all schools, particularly at this time of year. We have been notified of a few current cases in the school and would appreciate if you check your child (rens) head TODAY and treat accordingly please if applicable. We rely on the vigilance of parents to ensure outbreaks are kept to a minimum, but need **ALL** parents to carry out intermittent checks and please advise the school office if necessary, otherwise the problem will continue unabated. Thank you.

Upcoming Dates for your Diary

- *Jack & The Beanstalk - Pantomine – The Everyman Theatre – 5/12/2019*
- *Christmas Carol Service (R3 –R6) Thursday, 12/12/2019 - 7:00pm*
- *Christmas Show- (Junior Infants-Rang 2) – Friday, 13/12/2019 – 11:00am*

- *An Chéad Chomaoineach/First Holy Communion : 9/5/2020 - 10:30am*
- *An Coineartú/Confirmation in Clonakilty : 20/05/2020 - 10:30am*

Banna Ceoil

Is ar an Aoine le linn am scoile a bheidh an banna ceoil ag buaileadh le chéile le haghaidh cleachtaidh le Múinteoir Frances is Séamas.

Practice for the Banna Ceoil will take place in the school hall **each Friday** during school time.

Comhaltas Music Classes

Leanfar ar aghaidh le ceachtanna ceoil Chomhaltais gach Déardaoin suas go dtí briseadh na Nollag.

Comhaltas music classes will continue every Thursday after school until Christmas.

Zóin Spóirt / Zone Sports

De bharr go bhfuil spóirt éagsúla á imirt ag na páistí ag am lóin anois moltar go láidir do pháistí bróga oiriúnacha a chaitheamh ionas go ndéanfar timpistí a sheachaint.

Due to organised sports activities now taking place in the school yard during lunchtime. **We would recommend all students to wear appropriate footwear to avoid accidents.**

Athletics

Ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghabháil thar ceann na scoile le Cumann Lúthchleasaíochta Dhroichead na Banndan a d'eagraigh Lá Spóirt den scoth do pháistí na scoile i mí Mheán Fómhair. Bhain na páistí ard-taitneamh as.

A very big thank you to the Bandon Athletics club who organised a running event for the school in September.

Club Obair Bhaile/Homework Club Rang 2-Rang 6

Críochnóidh an club obair bhaile don téarma seo, ar an Déardaoin 24ú Deireadh Fómhair.
Homework Club will finish up for this term on Thursday, October 24h.

Briseadh Meán Téarma/October Mid-term

Beidh an scoil dúnta don bhriseadh lár téarma ón Aoine 25/10/2018 agus beidh an scoil á athoscailt ar an Luan an 4/11/2017.

The school will close for Mid-Term break on Friday, 25th October at 3pm and will re-open on Monday, 4th November.



Pantomine — Everyman Theatre

*Beidh an scoil ag dul go dtí Everyman Theatre ar an Deardaoin, an 5ú lá de mhí na Nollag chun féachaint ar sheó na Nollag. Tá 'Jack & the Beanstalk' á chur i láthair. Beidh costas **€22 ar gach páiste**. Fágfaidh an bus an scoil ag 9.20 agus beidh sé thar nais do 2:30. Is féidir an t-airgead a thabhairt don mhúinteoir ranga roimh an 15ú de mhí na Samhna.*

All classes will travel to Everyman Theatre on Thursday, December 5th to see the Christmas Pantomine. This year's performance is *'Jack & The Beanstalk'*. The entry to the pantomime and transport is **€22 per child.** The bus will leave the school at 9:20am and return back at 2:30 (approx.). Money can be given to the class teacher on/before November 15th.

Oireachtas na Samhna

Beidh dornán leanaí ó Rang a 1 suas go Rang a 6 ag glacadh páirte i bhFéile na nGael, Oireachtas na Samhna, thuas i mBaile Átha Cliath le linn bhriseadh na Samhna. Is sna comórtais scéalaíochta agus agallaimh beirte a bheidh siad ag glacadh páirte. Tá neart cleachtaidh is ullmhúcháin ar siúl acu i láthair na huaire le Múinteoir Shiobhán. Go n-éirí go geal libh.

A number of pupils from Rang a 1 up to Rang a 6 will be taking part in the Irish festival, Oireachtas na Samhna, in Dublin over the mid-term break. We would like to thank Múinteoir Shiobhán for all the hard work she has put into preparing the children for the festival. The very best of luck to all involved.

Feachtas Bosca Bróg / Christmas Shoe Box Appeal

Beimid ag tabhairt tacaíocht don Fheachtas Bosca Bróg arís i mbliana. Is feachtas é seo a sheolann bronntanais bheaga amach chuig tíortha bochta in Oirthear na hEorpa agus san Afraic don Nollaig. Seolfar bileoga eolais amach chuig na páistí go luath is beidh na boscaí á mbailiú arís ar an 7ú lá de mhí na Samhna. Is clár roghnach é seo.

Our school is taking part in the Christmas Shoe Box Appeal to send gift filled shoe boxes to less fortunate children in Eastern Europe and Africa. Leaflets will be handed out to each pupil and filled shoe boxes will be collected on **Thursday, November the 7th**. This initiative is optional.

Ukulele – Rang 3

Tá ceachtanna Ukulele tosnaithe le Rang a 3. Is iad Múinteoir Rob agus Múinteoir Jane atá á dtabhairt. Leanfaidh na ceachtanna seo ar aghaidh ar feadh 8 seachtaine, gach Aoine ón a 2:30 - 3:00. Tá costas €20 atá ag dul leis.

All pupils from Rang 3 have started Ukulele classes on Friday with Rob and Múinteoir Jane. These classes will continue for 8 weeks from 2:30-3:00pm. The cost of these classes are €20.00. The Ukulele will be provided but **must** be returned to the school when the classes finish.

Ceachtanna Gaeilge do dhaoine fásta

Tá sár-iarracht á dhéanamh ag tuismitheoirí na scoile cur lena gcúpla focal sna ceachtanna Gaeilge. Buaileann an dá rang le chéile gach Déardaoin sa scoil idir 7 a chlog agus leathuair tar éis a 8. Tá fáilte is fiche roimh chách freastail ar na ranganna seo. Gabhaimid buíochas lenár múinteoirí iontacha, Bríd agus Jim, as na ceachtanna a mhúineadh.

Irish classes are continuing in the school on Thursdays from 7-8pm. These classes will finish on November 28th. Everyone welcome.

Suíomh Idirlín/School Website

Coimeád suas chun dáta le himeachtaí na scoile ar ár suíomh idirlín: www.gsbanndan.ie
Please check our school website on www.gsbanndan.ie for new photos and information